An Roinn Oideachais
Department of Education

# Comhairliúchán don pholasaí don oideachas lán-Ghaeilge lasmuigh den Ghaeltacht

## Achoimre ar na moltaí don pholasaí

Pádraig Ó Duibhir, Aisling Ní Dhiorbháin, Cóilín Ó Floinn, Jacqueline de Brún agus Máire Ní Ghealbháin

26 Meán Fómhair 2023

DCU
SEALBHÚ
Lárionad Taighde DCU um Fhoghlaim agus Teagasc na Gaeilge

## Clár

Réamhrá ..... 1

Modheolaíocht ..... 1

Torthaí ..... 2

Múnlaí soláthar don oideachas lán-Ghaeilge ..... 2

Athchumrú agus aistriú scoileanna ..... 2

Rannpháirtíocht san oideachas lán-Ghaeilge ..... 3

Soláthar acmhainní ..... 4

Soláthar agus oiliúint oideachasóirí ..... 4

Úsáid na teicneolaíochta digití chun tacú leis an oideachas trí Ghaeilge ..... 5

Riachtanais speisialta oideachais agus measúnachtaí ..... 5

Úsáid na Gaeilge sa phobal ..... 6

Seirbhísí tacaíochta do shuíomhanna oideachais lán-Ghaeilge ..... 7

Conclúid ..... 7

# Réamhrá

D’eascair an taighde seo as iarratas ón Roinn Oideachais tuarascáil agus moltaí polasaí a chur faoina bráid chun bonn eolais a chur faoi fhorbairt pholasaí don oideachas trí mheán na Gaeilge lasmuigh den Ghaeltacht a chuimsíonn na hearnálacha foghlama agus cúraim na luath-óige, bunscoile agus iar-bhunscoile. Leagtar amach an tuairisc achoimreach seo de réir na gcatagóirí a sonraíodh sa ghlaoch ar thairiscintí. Tá an t-eolas atá ann bunaithe ar thuairiscí agus ar thuarascálacha níos cuimsithí ar ghnéithe den chomhairliúchán do pholasaí don oideachas lán-Ghaeilge lasmuigh den Ghaeltacht (POLG). Treoraítear an léitheoir chuig na tuairiscí sin chun eolas níos cuimsithí a fháil ar a bhfuil na moltaí thíos bunaithe.

# Modheolaíocht

Tharraingíomar ar na foinsí seo a leanas agus muid i mbun anailíse don achoimre seo:

1. Anailís ar cheistneoir poiblí
2. Anailís ar aighneachtaí a leag an pobal agus eagraíochtaí isteach
3. Anailís ar ghrúpaí fócais le daltaí bunscoile, iar-bhunscoile agus le páirtithe leasmhara
4. Anailís ar 10 ndlínse ar fud an domhain ina gcleachtaítear an tumoideachas.

Léirítear líon na rannpháirtithe, na ngrúpaí agus na ndlínsí i dTábla 1.

**Tábla 1.** Líon na rannpháirtithe, na ngrúpaí agus na ndlínsí

| | Líon na rannpháirtithe/ngrúpaí/ndlínsí |
|---|---|
| **Ceistneoirí** | 10,499 |
| **Aighneachtaí** | 159 (33 eagrais, 18 thuismitheoirí, 3 scoláire, 17 oideachasóir, 90 ráiteas a bhí nach mór mar an gcéanna ó dhaoine aonair) |
| **Grúpaí fócais** | 308 duine, 25 grúpa |
| **Dlínsí comparáideacha** | 10 |

# Torthaí

## Múnlaí soláthar don oideachas lán-Ghaeilge

Léirigh an anailís ar na dlínsí comparáideacha gurb é an tumoideachas an múnla oideachasúil is rathúla le cumas teanga a bhaint amach sa mhionteanga d'fhoghlaimeoirí dara teanga. Bíonn torthaí teanga níos fearr ann nuair is aonad tumoideachais nó suíomh oideachais saorsheasaimh a bhíonn i gceist seachas aonad nó sruth. Bhí teachtaireacht shoiléir ó rannpháirtithe sa chomhairliúchán gur suíomhanna lán-Ghaeilge a dteastaíonn uathu. Moltar mar sin, cur go mór leis na suíomhanna lán-Ghaeilge le go mbeidh rochtain ag gach tuismitheoir orthu dá bpáiste ón oideachas luath-óige go dtí an iar-bhunscoil. Sa chás nach bhfuil an dlús daonra i gceantair chun suíomh lán-Ghaeilge as féin a bhunú, moltar cur chuige satailíte nó córas saorthaistil a chur ar fáil fad is atá an t-éileamh ag fás.

Le go dtarlódh sé seo, teastaíonn plean cinnte ina bhfuil fís, sainmhíniú ar na múnlaí tumoideachais, agus spriocanna faoi cheangal ama ar líon na scoláirí a gheobhadh oideachas trí mheán na Gaeilge. Tá maolú tagtha ar ráta fáis na gaelscolaíochta le 15 bliain anuas. Léiríonn aiseolas na rannpháirtithe sa chomhairliúchán nach bhfuil ag éirí leis an gcóras freastal ar an éileamh reatha. I bhfianaise go bhfuiltear ag súil le laghdú suntasach ar bhunú scoileanna nua de bharr cúrsaí déimeagrafaice, teastaíonn cur chuige nua chun freastal ar éileamh an phobail. Tá sé suntasach i dTír na mBascach agus in Albain go bhfuil cearta dlíthiúil ag tuismitheoirí oideachas sa spriocteanga a éileamh agus ní mór do na húdaráis freagairt dá n-éilimh ar thumoideachas. Moltar go mbeadh cearta ag tuismitheoirí in Éirinn oideachas trí mheán na Gaeilge a éileamh dá bpáistí agus go mbeadh dualgas ar na húdaráis chuí freastal ar an éileamh sin.

### Athchumrú agus aistriú scoileanna

Tá líon beag bunscoileanna meán-Bhéarla in Éirinn tar éis aistriú go scoileanna lán-Ghaeilge. Scoileanna beaga den chuid is mó a bhí ann go dtí seo ach tá ceachtanna le foghlaim uathu. Is próiseas é a ghlacann tréimhse ama ach is féidir an t-aistriú a dhéanamh de réir a chéile. Tá rannpháirtíocht na dtuismitheoirí agus tacaíocht do mhúinteoirí riachtanach. Tá eiseamláirí spéisiúla den chur chuige atá á ghlacadh sa Bhreatain Bheag agus in Fryslân san Ísiltír. Feictear pleananna sna dlínsí sin ina bhfuil spriocanna cinnte agus pacáiste tacaíochta do scoileanna chun cabhrú leo. Moltar na féidearthachtaí a bheadh ann scoileanna meán-Bhéarla a mhealladh le haistriú go scoil lán-Ghaeilge in imeacht ama a fhiosrú. Theastódh próiseas cinnte agus foireann thacaíochta do scoileanna. Bhain pobal Thír na mBascach torthaí suntasacha fáis amach in imeacht 40 bliain. Ceann de na fachtóirí

lárnacha ab ea an phleanáil ardghradaim (prestige planning) a thug siad faoi. Chinntigh siad go mbeadh ardchaighdeán oideachais á soláthar sna scoileanna lán-Bhascaise agus gurb iad sin na scoileanna a bheadh mar chéad rogha ag tuismitheoirí.

## Rannpháirtíocht san oideachas lán-Ghaeilge

Ba é tuairim na rannpháirtithe sa chomhairliúchán go dtiocfadh ardú mór ar an leibhéal rannpháirtíochta san oideachas lán-Ghaeilge dá mbeadh rochtain ag tuismitheoirí/caomhnóirí air dá bpáistí. An teachtaireacht shoiléir a bhí ann ná go bhfuil gá le níos mó naíonraí, bunscoileanna agus iar-bhunscoileanna a bhunú. Na príomhchonstaicí a luadh ná nach raibh go leor suíomhanna ann nó go raibh siad rófhada ó dhaoine. Cheil an easpa áiteanna seo an t-oideachas trí Ghaeilge do sciar suntasach de na rannpháirtithe. De bharr na bpolasaithe iontrála i roinnt suíomhanna, bhraith rannpháirtithe nach raibh an t-oideachas trí Ghaeilge oscailte do chách. Ag teacht leis na moltaí go dtí seo, moltar plean a leagadh amach ina mbeadh spriocanna cinnte, faoi mar atá i ndlínsí eile, le cur go mór leis an soláthar don oideachas trí mheán na Gaeilge. Ba chóir go mbeadh na suíomhanna oideachais ionchuimsitheach, ilteangach, ilchultúrtha agus fáilteach do chách.

Is díol spéise é go bhfuil páistí agus daoine óga ó chúlraí socheacnamaíocha éagsúla ag freastal ar shuíomhanna lán-Ghaeilge ach go bhféadfaí cur leis an gcéatadán sin. Tá sé suimiúil go bhfuil ag éirí chomh maith nó níos fearr le foghlaimeoirí ó chúlraí socheacnamaíocha faoi mhíbhuntáiste i bPoblacht na hÉireann, i dTuaisceart Éireann agus i gcomhthéacs Māori sa Nua Shéalainn i gclár tumoideachais i gcomparáid lena bpiaraí a fhreastalaíonn ar ghnáthchláir oideachais.

Cuirtear dianchúrsaí sealbhaithe teanga ar fáil do scoláirí sa Bhreatain Bheag faoi aois 14 ar mhaith leo freastal ar scoil mheán-Bhreatnaise. Tá an clár oiriúnach d’inimircigh agus dírítear ar scileanna teanga a fhorbairt le go mbeidh an scoláire in ann a bheith rannpháirteach in oideachas trí mheán Breatnaise. Tá dianchúrsaí ullmhúcháin ar fáil san Fhionlainn chomh maith d’inimircigh ar mhaith leo freastal ar scoil lán-Sualainnise nó ar scoil lán-Fhionlainnise.

Mhol na rannpháirtithe chomh maith go bhféadfaí cur leis an rannpháirtíocht trí fheachtas feasachta a sheoladh le go dtuigfeadh tuismitheoirí ar an gcéad dul síos nach gá go mbeadh Gaeilge acu féin le go mbeadh an t-oideachas lán-Ghaeilge oiriúnach dá bpáistí. D’fhéadfadh feachtas feasachta buntáistí an dátheangachais a mhíniú don phobal agus go bhfuil scoileanna lán-Ghaeilge fáilteach agus oiriúnach do dhaoine ó gach uile chúlra socheacnamaíoch, teanga, eithneach, creideamh agus cumas. D’fhéadfadh sé tuismitheoirí ó chultúir éagsúla a mhealladh a bpáistí a chur chuig suíomh lán-Ghaeilge agus ba ghá

ábhar eolais agus poiblíochta a bheith ar fáil i dteangacha éagsúla. Tháinig sé chun solais sa chomhairliúchán nach leanann roinnt scoláirí ar aghaidh ón mbunscoil lán-Ghaeilge go dtí an iar-bhunscoil lán-Ghaeilge toisc go gceapann a dtuismitheoirí nach n-ullmhódh an iar-bhunscolaíocht trí Ghaeilge iad do chúrsaí trí Bhéarla ag an tríú leibhéal. D'fhéadfaí plé le ceisteanna mar seo mar chuid d'fheachtas feasachta.

Constaic a bhaineann leis an rannpháirtíocht ag leibhéal an naíonra ná nárbh leor naíonra ar feadh trí uair an chloig do thuismitheoirí toisc nach raibh siad in ann a bpáistí a chur chuig an naíonra áitiúil agus iad a bhailiú i lár an lae de bharr cúramaí eile. Mhol na tuismitheoirí go gcuirfí seirbhísí cúram oideachais agus luathóige lae ar fáil trí Ghaeilge.

Ag leibhéal na hiar-bhunscoile is constaic é an easpa rogha ábhar agus múinteoirí a bhfuil an cumas acu na hábhair a mhúineadh trí Ghaeilge.

## Soláthar acmhainní

Nuair a mhol rannpháirtithe go mbunófaí breis naíonraí, bunscoileanna agus iar-bhunscoileanna trí mheán na Gaeilge d'éiligh siad go mbeadh na suíomhanna seo i bhfoirgnimh chearta ina mbeadh go leor acmhainní teagaisc, foghlama agus foirne. Thagair scoláirí agus oideachasóirí ach go háirithe don ghéarghá atá le hacmhainní atá inchurtha lena bhfuil ar fáil trí Bhéarla. Caitheann oideachasóirí an-chuid ama agus dua ag aistriú agus ag cruthú acmhainní trí Ghaeilge. Tá áisíneachtaí foilsitheoireachta sna dlínsí a iniúchadh ar nós na Briotáine, Tír na mBascach agus Tuaisceart Éireann. Moltar cur le cumas na Comhairle um Oideachas Gaeltachta agus Gaelscolaíochta (COGG) chun freastal ar an éileamh ar acmhainní. D'fhéadfaí an ról atá ag COGG agus An Gúm, Foras na Gaeilge a shoiléiriú maidir le soláthar acmhainní. Teastaíonn athnuachan ar an gclár Séideán Sí ag leibhéal na bunscoile. B'fhiú cur leis an gcomhoibriú leis an gComhairle um Churaclam, Scrúduithe agus Measúnachtaí (CCEA) agus an tÁisaonad i dTuaisceart Éireann chun cur leis an soláthar áiseanna. Teastaíonn buiséad margaíochta agus bolscaireachta le go mbeadh oideachasóirí eolach faoi na hacmhainní atá ar fáil.

## Soláthar agus oiliúint oideachasóirí

Is dúshlán é an soláthar oideachasóirí tumoideachais i bhformhór na ndlínsí a iniúchadh faoi mar atá sé in Éirinn. Eisceacht is ea Tír na mBascach, áit a bhfuil an córas tumoideachais ag soláthair dóthain cainteoirí cumasacha Bascaise don oideachais agus suíomhanna oibre i gcoitinne. Leis an staid sin a bhaint amach, d'infheistigh siad na milliúin euro sna 1980oidí agus 1990óidí ag cur scéimeanna sabóideacha ar fáil do mhúinteoirí. Tá an Bhreatain Bheag ag leanúint an mhúnla sin anois chun cur leis an soláthar múinteoirí ansin. Scéim eile

sa Bhreatain Bheag ná go bhfuil deontais ar fáil do mhic léinn tabhairt faoi chúrsaí tosaigh d’oideachasóirí do mhúineadh na Breatnaise nó múineadh trí mheán na Breatnaise. Tá deiseanna ag múinteoirí sa Fryslân, in Albain agus sa Bhreatain Bheag, mar shampla, tabhairt faoi chúrsaí teanga saor in aisce.

Léirigh oideachasóirí a ghlac páirt sa chomhairliúchán agus nach bhfuil ag obair trí Ghaeilge faoi láthair go mbeadh suim acu dul ag obair i suíomhanna lán-Ghaeilge dá mbeadh níos mó muiníne acu as a gcumas Gaeilge. Moltar réimse cúrsaí agus scoláireachtaí a chur ar fáil chun breis oideachasóirí luathbhlianta, múinteoirí agus cúntóirí riachtanais speisialta a oiliúint agus a chumasú chun dul ag obair i suíomhanna oideachais trí Ghaeilge. D’aithin na hoideachasóirí bearnaí ina gcleachtais féin agus ba mhaith leo tuilleadh deiseanna forbartha gairmiúla a bheadh curtha i láthair ag oideachasóirí eile a bhfuil saineolas agus tuiscint acu ar an tumoideachas. Teastaíonn tuilleadh cúrsaí réamhsheirbhíse agus inseirbhíse trí mheán na Gaeilge leis an mbearna reatha a líonadh agus le freastal ar earnáil mhéadaithe. D’éiligh go leor rannpháirtithe go n-íocfaí an liúntas do mhúineadh trí Ghaeilge do gach múinteoir san earnáil lán-Ghaeilge mar aitheantas ar an obair sa bhreis a bhíonn le déanamh acu.

## Úsáid na teicneolaíochta digití chun tacú leis an oideachas trí Ghaeilge

Tá áiseanna teicneolaíochta - aipeanna, cluichí digiteacha, leabhair dhigiteacha agus cláir theanga á bhforbairt sna dlínsí tumoideachas ach teastaíonn taighde ar úsáid na teicneolaíochta sa suíomh tumoideachais. Tá rath ar an mol digiteach faoin bPolasaí don Oideachas Gaeltachta. B’fhiú iniúchadh a dhéanamh ar an múnla seo do ghaelcholáistí chun cur leis an rogha ábhar. Agus athnuachan á dhéanamh ar Séideán Sí, ba chóiruirlisí digiteacha agus feidhmchlár a fhorbairt mar chuid den athbhreithniú.

## Riachtanais speisialta oideachais agus measúnachtaí

Ceann de na constaicí don rannpháirtíocht san oideachas lán-Ghaeilge ná an tuairim nach bhfuil an t-oideachas lán-Ghaeilge oiriúnach do scoláirí a bhfuil riachtanais speisialta oideachais (RSO) acu. Léiríonn an taithí agus an taighde atá ag teacht chun cinn in Éirinn agus i ndlínsí eile nach bhfuil sé seo cruinn. Molaimid cur chuige ionchuimsitheach i scoileanna tumoideachais agus gur gá do scoileanna freastal ar riachtanais gach scoláire agus na tacaíochtaí cuí a chur ar fáil dóibh. Tá dea-eiseamláirí le fáil sa Bhreatain Bheag ina leagtar cúram an oideachais speisialta ar pháirtithe leasmhara uile an chórais oideachais. In Ontario leagadh amach treoir do scoileanna le córas ionchuimsitheach a sholáthar do chách

le béim ar na buntáistí don uile fhoghlaimeoir seachas na constaicí. Polasaí taighdebhunaithe atá ann agus léiríonn sé gur féidir le daltaí a bhfuil RSO acu leas a bhaint as an tumoideachas fad is go gcuirtear an tacaíocht chuí ar fáil dóibh. Tá deacrachtaí le soláthar múinteoirí in Éirinngo ginearálta dar ndóigh ag cur isteach ar sholáthar na tacaíochta do dhaltaí le RSO faoi láthair.

Chun tacú le suíomhanna oideachais, moltar gairmithe oideachais a chumasú sa Ghaeilge agus sna torthaí taighde ábhartha. Teastaíonn raon leathan measúnachtaí trí Ghaeilge chun measúnú cruinn a dhéanamh ar scoláirí agus clár teagaisc leis an tacaíocht chuí a thabhairt. Ní mór cúrsaí forbartha gairmiúla a chur ar fáil do mhúinteoirí chun iad a chumasú freastal ar riachtanais na scoláirí uile.

## Úsáid na Gaeilge sa phobal

Is léir ón taighde ar na dlínsí go mbíonn bearna mhór idir cumas sa mhionteanga agus úsáid na teanga sin. Tá an-chuid ar siúl de réir na rannpháirtithe i suíomhanna lán-Ghaeilge leis an nGaeilge a chur chun cinn sa phobal. Moltar dóibh leanúint leis na gníomhaíochtaí sin ach ag aithint go bhfuil teorainn leis an méid gur féidir le scoileanna a dhéanamh. Teastaíonn infheistíocht ón stát chomh maith chun oifigigh phleanála agus forbartha teanga a fhostú i réigiún chun pobail Ghaeilge a thógáil mórthimpeall ar na scoileanna. Luaigh na scoláirí go gcabhródh sé leo a gcuid Gaeilge a úsáid dá mbeadh níos mó deiseanna acu a bheith páirteach in imeachtaí pobail trí Ghaeilge, ógchlubanna, siopaí, caiféanna, gnólachtaí agus a leithéid.

D'éiligh na rannpháirtithe go dtreiseofaí an Ghaeilge mar theanga shóisialta sa phobal trí thacaíocht a chur ar fáil do thuismitheoirí nach bhfuil Gaeilge acu, ionas gur féidir leo cabhrú leis an obair bhaile agus an Ghaeilge a úsáid ar shuíomh na scoile. Lorgaíodh ranganna Gaeilge saor in aisce do thuismitheoirí sa seomra ranga agus go fíorúil. D'fhéadfadh beartas mar seo an muinín a thabhairt do thuismitheoirí áirithe an t-oideachas trí Ghaeilge a roghnú da bpáistí, rud atá ina bhac ar leathnú na rannpháirtíochta faoi láthair.

Tá córas tacaíochta maith forbartha do mhúinteoirí i dTír na mBascach. Ceaptar múinteoir breise sa scoil a bhfuil freagracht sa bhreis orthu plean teanga a chur i bhfeidhm sa Bhascais agus tugtar am ar leith dóibh le tabhairt faoin dualgas seo. Tá aonad NOLEGA mar chuid den Roinn Oideachais agus tagann clár ULIBARRI faoi scáth an chláir anois. Cuireann an clár réimse tacaíochtaí ar fáil: deontais, forbairt ghairmiúil do mhúinteoirí, duaiseanna do scoileanna maidir le hardchaighdeán Bascaise, imeachtaí leis an mBascais a chur chun cinn, naisc idir scoileanna. Bíonn foireann fostaithe le plean normalaithe teanga a chur chun cinn sna scoileanna. Bíonn duine fosaithe ag an roinn atá freagrach as an gclár, fostaítear

comhordaitheoir agus oifigigh éagsúla. Bíonn coiste i ngach scoil leis an bplean teanga atá leagtha síos a chur chun cinn. Tugtar am ar leith don chomhordaitheoir scoile an plean a chur i dtoll a chéile. Tá fianaise ann go bhfuil na gníomhaíochtaí seach-churaclaim trí Bhascais ag tacú le húsáid na Bascaise ar scoil. Moltar clár den chineál céanna a chur ar bun in Éirinn.

## Seirbhísí tacaíochta do shuíomhanna oideachais lán-Ghaeilge

Tá tacaíocht ann don tumoideachas sna dlínsí a scrúdaíomar ag leibhéal polasaí agus curaclaim. Tá na seirbhísí tacaíochta gairmiúla do mhúinteoirí in Éirinn comhtháite le déanaí faoi Oide. Moltar go mbeadh sainfhoireann mar chuid d'Oide a mbeadh an cumas aici freastal ar riachtanais forbartha gairmiúla na n-oideachasóirí lán-Ghaeilge agus go gcuirfí an tacaíocht seo ar fáil trí Ghaeilge. Ní mór Gaeloideachas a chumasú le freastal mar is ceart ar riachtanais na stiúrthóirí naíonra. Moltar soiléiriú a dhéanamh agus soláthar a chinntiú do riachtanais na gcúntóirí riachtanais speisialta san earnáil lán-Ghaeilge.

I ndlínsí eile, is ag leibhéal réigiúnach nó trí na húdaráis áitiúla a dhéantar polasaithe oideachais a fheidhmiú. Má tá an earnáil le fás in Éirinn, ní mór go mbeadh sé soiléir cé atá freagrach as na snáitheanna difriúla den pholasaí a chur i bhfeidhm. An mbeidh aonad laistigh den Roinn Oideachais a bheidh freagrach? Cén ról a bheidh ag COGG, NEPS, NCSE, An Gúm, srl.? Cén ról a bheidh ag pátrúin na scoileanna? Má tá suíomh/scoil mheán-Bhéarla le plean aistrithe go suíomh lán-Ghaeilge a leagadh amach, cé a thabharfadh tacaíocht dóibh?

# Conclúid

An teachtaireacht shoiléir a tháinig tríd an gcomhairliúchán ná nach bhfuil go leor suíomhanna lán-Ghaeilge ann chun freastal ar éileamh an phobail. An phríomhsprioc in aon pholasaí nua ná cur go mór le líon na suíomhanna lán-Ghaeilge. Éileoidh sé sin tuilleadh oideachasóirí, acmhainní agus tacaíochtaí. Is fiú machnamh a dhéanamh ar na struchtúir ab fhearr a bhunú le freastal ar na riachtanais sin.